



---

*Uimhir 34 de 2006*

---

**AN tACHT UM FHORBAIRT TIONSCAIL 2006**

[*An tiontú oifigiúil*]

---

**RIAR NA nALT**

Alt

1. Míniú.
  2. Leasú ar Acht 1993 — alt nua 21A a chur isteach.
  3. Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann le hAcht 1993.
  4. Gearrtheideal agus comhlua.
-

[Uimh. 34.] *An tAcht um Fhorbairt Tionscail* 2006. [2006.]

NA hACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Fhorbairt Tionscail (Fiontrafacht Éireann)  
1998

1998, Uimh. 34

An tAcht um Fhorbairt Tionscail 1993

1993, Uimh. 19

Na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1986 go 2003



---

*Uimhir 34 de 2006*

---

## **AN tACHT UM FHORBAIRT TIONSCAIL 2006**

[*An tionsú oifigiúil*]

---

**ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ AN ACHTA UM  
FHORBAIRT TIONSCAIL 1993.**

[18 Nollaig, 2006]

**ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:**

**1.**—San Acht seo ciallaíonn “Acht 1993” an tAcht um Fhorbairt Míniú.  
Tionscail 1993.

**2.**—Leasaítear Acht 1993 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i Leasú ar Acht 1993  
ndiaidh alt 21: — alt nua 21A a chur isteach.

- |  |   |
|--|---|
| “Foireann a<br>aistriú ó<br>Chuideachta<br>Forbartha<br>Aerfort<br>Neamhchustam<br>na Sionna<br>Teoranta chun<br>Forfás. | <p>21A.—(1) San alt seo—</p> <p>ciallaíonn ‘Cuideachta’ Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta;</p> <p>ciallaíonn ‘ceardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann’ ceardchumann nó comhlachas foirne atá aitheanta ag Forfás nó ag aon Ghníomhaireacht nó comhlacht eile a luaitear sna hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1986 go 2003, de réir mar a bheidh, chun críocha caibidlí a bhaineann le foireann a aistriú chun Forfás nó chun na Gníomhaireachta nó an chomhlachta eile, de réir mar a bheidh, maille le luach saothair, coinníollacha fostaithe nó dálaí oibre fostaithe;</p> <p>ciallaíonn ‘dáta aistrithe’ an dáta a shonraítear in ainmniúchán faoi fho-alt (2) ar le héifeacht uaidh a bheidh duine d’foireann na Cuideachta arna aistriú nó arna haistriú chun foireann Forfás.</p> <p>(2) Féadfaidh an tAire cibé daoine agus cibé líon daoine d’foireann na Cuideachta a chinnfidh sé nó sí a ainmniú i scríbhinn chun bheith ina ndaoine a bheidh arna n-aistriú, le héifeacht ó dháta a shonrófar san ainmniúchán, chun foireann Forfás.</p> <p>(3) Aon duine d’foireann na Cuideachta a ainmneofar faoi fho-alt (2), beidh sé nó sí, le héifeacht ón dáta aistrithe, arna aistriú nó arna</p> |
|--|---|

haistriú chun foireann Forfás agus tiocfaidh sé nō sí chun bheith, agus beidh sé nō sí, ina dhuine nō ina duine d'fhoireann Forfás dá réir sin.

(4) Ach amháin de réir comhaontaithe chomhchoitinn arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann, aon duine a aistreofar de bhua aimmniúcháin faoi fho-alt (2) chun foireann Forfás, ní lú an scála pá a gheobhaidh sé nō sí, ní lú tairbhe dó nō di na téarmaí agus na coinníollacha seirbhise (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha seirbhise a bhaineann le seilbh oifige) a mbeidh sé nō sí faoina réir, fad a bheidh sé nō sí i seirbhís Forfás, ná an scála pá a raibh teideal aige nō aici chuige agus na téarmaí agus na coinníollacha seirbhise (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha seirbhise a bhaineann le seilbh oifige) a raibh sé nō sí faoina réir díreach roimh an dáta aistrithe.

(5) Ní lú fabhar aon sochair aoisliúntais a dheonófar do dhuine nō i leith duine a aistreofar de bhua aimmniúcháin faoi fho-alt (2) chun foireann Forfás agus na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis na sochair sin ná na sochair agus na téarmaí agus na coinníollacha sin a raibh teideal aige nō aici chucu díreach roimh an dáta aistrithe.”.

Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann le hAcht 1993.

**3.—Leasaítear mír 2(2) den Dara Sceideal a ghabhann le hAcht 1993 trí “Aon duine a ghlacfar isteach i bhfostaíocht Forfás faoi alt 21, a aistreofar isteach san fhostaíocht sin faoi alt 21A nō faoi alt 39 nō 40 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998 nō a cheapfar chun Forfás faoin mír seo” a chur in ionad “Aon duine a ghlacfar isteach i bhfostaíocht Forfás faoi alt 21 nō a cheapfar chun Forfás faoin alt seo”.**

Gearrtheideal agus comhlua.

**4.—(1) Féadfar an tAcht um Fhorbairt Tionscail 2006 a ghairm den Acht seo.**

**(2) Féadfar na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1986 go 2006 a ghairm de na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1986 go 2003 agus den Acht seo le chéile.**